



An Bhruiséil, 27 Samhain 2025
(OR. en)

15276/1/25
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0073(COD)

SOC 768
EMPL 506
FIN 1340
ECOFIN 1503
COMPET 1148
CADREFIN 314
CODEC 1785

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 (CED) a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibríthe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu - <i>Cur chuige ginearálta</i>

I. RÉAMHRÁ

An 1 Aibreán 2025, thíolaic an Coimisiún togra (7721/25) le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibríthe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu ('Leasú ar Rialachán CED'). Is cuid é an togra seo de phlean gníomhaíochta tionsclaíoch an Aontais d'earnáil mótarfheithiclí na hEorpa (COM(2025) 95 final) agus is é is aidhm dó freagairt ar bhealach solúbtha do riachtanais athraitheacha an tionscail agus an mhargaidh saothair i dtimpeallacht trádála idirnáisiúnta atá ag athrú.

Is é is aidhm don togra seo raon feidhme an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) (2021/691) a leathnú chun tacú ní hamháin leis na hoibrithe sin a bhfuil a bpost cailte acu cheana féin, ach le hoibrithe atá i mbaol a bpost a chailleadh go luath freisin. Gheobhadh fostaithe i bhfiontair a bheadh á n-athstruchtúró pacáistí de bearta pearsantaithe dá mbeidís i mbaol a bpost a chailleadh. D'fhéadfadh na fiontair iarraidh ar a mBallstát iarratas a dhéanamh ar thacaíocht CED ach critéir incháilitheachta a chomhlíonadh agus fonn a bheith orthu cúnamh atá cómhaoinithe ag CED a thairiscint.

Moladh sa togra ón gCoimisiún go ndéanfaí dhá mhóráthru ar Rialachán CED:

- (1) Go leathnófaí an raon feidhme chun cur ar chumas CED tacú ní hamháin le hoibrithe iomarcacha, ach le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh freisin. Murab ionann agus tacaíocht CED d'oibrithe a iomarcaíodh cheana féin (tacaíocht arb iad na Ballstáit féin a chuireann isteach uirthi), i gcás an raoin feidhme leathnaithe, is iad na fiontair athstruchtúraithe a chuirfeadh iarraidh faoi bhráid a n-údarás náisiúnta, agus chuirfeadh an t-údarás náisiúnta iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn na hiarrata sin. Dhéanfaidh an fiontar na bearta a chómhaoiniú.
- (2) Go gceadófaí don Choimisiún a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle buiséad bliantúil iomlán CED a shlógadh as éadan i dtús na bliana, agus é mar aidhm leis sin dlús a chur le himscaradh CED ('nós imeachta an tslógtha iomlán').

I gcomhréir leis an mbunús dlí atá beartaithe, eadhon Airteagal 175(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de cheangal ar an gComhairle gníomhú i gcomhar le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an tuairim uaidh ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 19 Meitheamh 2025.

Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 2 agus 3 Iúil 2025.

Measfar go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh i mí na Nollag 2025.

II. STÁID NA hIMEARTHA

Cé nár foráladh i gclár oibre bliantúil tosaigh an Choimisiúin don togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán CED a leasú, bhí na toscaireachtaí, a bheag nó a mhór, i bhfabhar deis a chruthú lena gceadófaí cistiú ón CED chun tacú le hoibrithe nár briseadh as a bpost ach a bhfuil an-bhaol ann go mbrisfí as a bpost iad. San am céanna, mheas na toscaireachtaí nár ghá leasuithe móra a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le slógadh agus eisíoc faoi dheireadh 2027 anois agus deireadh na tréimhse cur chun feidhme ag teannadh linn.

Chaith Uachtaránacht na Danmhairge ceithre chruinniú meithle ar an togra, chomh maith leis na ceithre chruinniú meithle a caitheadh air le linn Uachtaránacht na Polainne. Le linn an tseimeastair seo, ullmhaíodh agus pléadh ceithre leagan den téacs comhréitigh. D'fhéach an Uachtaránacht go cúramach, i dteannta na dtoscaireachtaí agus i dteannta an Choimisiúin, ar roghanna maidir le conas iarratais agus eisíocaíocht cistí a oibríochtú don raon feidhme leathnaithe, agus ualaí riaracháin á dteorannú agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do na Ballstáit maidir le dliteanas airgeadais á maolú san am céanna.

Chuir an Uachtaránacht an comhréiteach is déanaí faoi bhráid Coreper an 19 Samhain 2025 d'fhonn é a chur faoi bhráid EPSCO le haghaidh cur chuige ginearálta.

Mar a tugadh i gcrích in Coreper an 19 Samhain, d'fhéach an Uachtaránacht leis an tacaíocht ó na Ballstáit a chomhdhlúthú a thuilleadh. Ina dhiaidh sin, i gcomparáid leis an téacs a cuireadh i láthair in Coreper, cuireadh abairt amháin isteach in Airteagal 8a, mír 2(bis) ag deireadh na míre, áit a bhfuil sí marcáilte le **cló trom agus líne fúithi**. Soiléirítear leis an abairt bhreise an oibleagáid atá ar an gCoimisiún a mhíniú an bhfuil a mheasúnú ar an iarratas éagsúil le torthaí na seiceálacha deonacha *ex ante* a rinne an Ballstát.

III. AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

Leis an téacs comhréitigh, féachtar le cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le leasú tapa éifeachtúil, an gá atá le réitigh a d'fhéadfaí a chur chun feidhme go héasca agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát. Féachann sé le tionchar an Chiste a bharrfheabhsú trí raon feidhme leathnaithe agus trína chineál éigeandála agus coisctheach a threisiú. Ar an gcaoi sin, is féidir, leis an togra seo, cistiú a bheith ann le haghaidh bearta tacaíochta a théann chun tairbhe do líon níos mó oibríthe, agus coimircí maidir le dliteanas airgeadais á gcur san áireamh agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit á theorannú san am céanna.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe a rinneadh ar an Rialachán leasaitheach i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún:

Airteagal 3 — Sainmhínte

- Chuir na toscaireachtaí in iúl gurb é an cur chuige coisctheach an breisluach atá sa leasú atá beartaithe, agus gur cheart leis an gcur chuige sin go mbeifí in ann gníomhú sula a ndéanfaí na hoibríthe atá i mbaol a ndífhostaithe a dífhostú. D'iarr siad go ndéanfaí na hiarrataí luath go leor, ar chaoi go bhféadfaí oiliúint a chur ar na daoine agus líon na ndífhostuithe a laghdú.
- Dá bhrí sin, in Airteagal 3 (Sainmhínte), rinneadh an sainmhíniú ar '(1a) oibrí a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dó' a oiriúnú chun tagairt a dhéanamh d'oibríthe a áirítear sa teachtaireacht i scríbhinn ó fhostóirí chuig ionadaithe oibríthe, de réir Airteagal 2(3) de Threoir 98/59/CE. Tá sé i gceist leis an nuashonrú sin léiriú níos fearr a thabhairt ar chuspóir coisctheach an Rialacháin leasaithe — agus pointe ama níos luaithe á ghlacadh mar phointe tagartha — agus an chothromaíocht cheart á baint amach san am céanna idir solúbthacht agus deimhneacht dhlíthiúil.

Airteagal 5a (Líon na n-oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh a chur in iúl)

- Cuireadh isteach Airteagal 5a nua go sonrach chun an raon feidhme leathnaithe a chumhdach, rud a d'fhág gur in Airteagal 5 (Ríomh na n-iomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta) a dhéanfar raon feidhme reatha an Rialacháin a chumhdach. Soiléirítear leis an airteagal nua seo an líon oibrithe atá ábhartha chun críoch Airteagal 4, lena leagtar síos na critéir idirghabhála agus lena leagtar síos an líon íosta oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh is gá le haghaidh idirghabháil CED.

Airteagal 6 - Tairbhithe incháilithe

- Soiléirítear sa téacs go leanfaidh oibrithe de bheith incháilithe mar chuid den ghrúpa a ndéanann 'iomarcaíocht atá ar tí tarlú' difear dóibh fiú i gcás ina gcuirfear deireadh iarbhír leis an gcaidreamh oibre. Cuidíonn sé sin le hidirdhealú a chruthú idir an dá spriocghrúpa/fheidhmchlár agus cuidíonn sé le soiléiriú a dhéanamh ar chearta (leanúnacha) oibrithe faoi Airteagal 8a i gcás dífhostaithe.

Airteagal 8a - Iarratais ar chúnamh CED d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh

- Sonraítear in Airteagal 8a an chaoi a ndéanfar iarratais faoin raon feidhme leathnaithe a ullmhú, a chur isteach agus a mheasúnú. Leis an téacs comhréitigh, féachtar le cothromaíocht a bhaint amach idir na coimircí is gá agus solúbthacht do na Ballstáit, agus próiseas intuatha iarratais á áirithiú san am céanna.

- Maidir leis an modh bainistithe buiséid is iomchuí chun raon feidhme leathnaithe CED a chur chun feidhme, d'iarr an Uachtaránacht treoir ó na Ballstáit (nóta ón Uachtaránacht 11905/25) i mí Iúil. Agus é á aithint nach raibh na Ballstáit go léir ar aon intinn maidir le modh bainistíochta comhroinnte agus modh bainistíochta díri don raon feidhme leathnaithe, agus é á chur san áireamh go mbeidh deireadh le clár CED in 2027, agus ag eascairt as an bplé chuimsitheach a bhí ann leis an gCoimisiún maidir leis na roghanna atá ann agus na dúshláin ama a bhaineann le bainistíocht dhíreach a chur chun feidhme ag an gcéim seo, díritear sa chomhréiteach ar réiteach bainistíochta comhroinnte.
- Áirítear anois freisin sa chomhréiteach atá beartaithe coimircí riaracháin agus nós imeachta a thugann aghaidh ar shainiúlacht chur chun feidhme an raoin feidhme leathnaithe agus ar na hábhair inmí atá ag na Ballstáit maidir lena ndliteanas, go háirithe i bhfianaise an róil atá le bheith ag an gCoimisiún sa phróiseas.
- Chun ualaí riaracháin a laghdú agus chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán a éascú, tugadh Airteagal 8a cothrom le dáta chun a shonrú go gcuirfidh an Coimisiún treoir neamhcheangailteach ar fáil do na Ballstáit agus do chuideachtaí araon, lena n-áirítear seicliostaí le haghaidh comhaontuithe deontais atá le hullmhú ag na Ballstáit, teimpléid le haghaidh iarratas agus ábhar tacaíochta eile.
- Diúltaíodh don mholadh a rinneadh Pointí Iontrála Aonair a bhunú, tar éis iarrataí ó na Ballstáit agus deimhniú ón gCoimisiún gur féidir leis na Ballstáit na struchtúir atá acu cheana a úsáid chun iarratais CED a phróiseáil.

- Cuireadh mír 2(a) isteach chun a shonrú go bhféadfaidh na Ballstáit a roghnú seiceálacha *ex-ante* a dhéanamh ar chumas airgeadais agus riaracháin na bhfiontar iarrthach chomh maith leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn an fiontar a fhíorú agus a fhíorú an bhfuiltear ag súil go ndéanfar an pacáiste spriocdhírithé a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Má roghnaíonn na Ballstáit na seiceálacha agus na fíoruithe *ex ante* sin a dhéanamh, *cuirfidh* an Coimisiún torthaí na seiceálacha agus na bhfíoruithe sin san áireamh agus an t-iarratas á mheasúnú aige. Is céim eile an méid sin i dtreo ailíniú a dhéanamh ar na measúnuithe a rinne an Ballstát agus an Coimisiún a ailíniú.

Airteagal 13 - An ranníocaíocht airgeadais a chinneadh

- Tugadh an t-airteagal cothrom le dáta tar éis moltaí a fháil ó roinnt Ballstát, chun uasteorainn a bhunú in aghaidh an fhiontair, rud atá bunaithe ar mheastacháin ó fheidhmeanna reatha. De réir an téacs chomhréitigh, i gcás aon fhiontair ar leith, ní rachaidh an cistiú thar EUR 4,000,000 in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh na bliana maoiniúcháin. Féachtar leis an bhforáil seo teorannú a dhéanamh ar an mbaol go n-ídeodh aon fhiontar aonair na hacmhainní cistiúcháin, agus a áirithiú go mbeidh cistiú ar fáil le haghaidh athstruchtúráil ar fud na mBallstát éagsúil.

Airteagal 15 — Nós imeachta buiséid agus cur chun feidhme

- Dhiúltaigh na Ballstáit don mholadh a rinneadh téacs nua a chur in ionad Airteagal 15 agus an nós imeachta slógtha don chiste a athrú. Sa téacs comhréitigh coinníodh an fhoclaíocht atá sa Rialachán CED reatha le haghaidh Airteagal 15, níl ann ach go ndéantar a shoiléiriú go bhfuil feidhm aige freisin maidir le cur i bhfeidhm an raoin feidhme leathnaithe.

Airteagal 16 — Cistí neamhleora

- Diúltaíodh don mholadh ón gCoimisiún ionadú a dhéanamh ar Airteagal 16. Sa téacs comhréitigh coinnítear an fhoclaíocht atá sa Rialachán CED atá ann faoi láthair le haghaidh Airteagal 16, ach uasdátú air chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm aige freisin maidir le cur i bhfeidhm an raoin feidhme leathnaithe.

Airteagal 17 - Íocaíocht agus úsáid na ranníocaíochta airgeadais

- Chun go mbeidh na Ballstáit in ann na heisíocaíochtaí a rialú agus, ar an gcaoi sin, an riosca a íoslaghdú i gcás ina measann siad gur gá sin, sonraítear sa téacs comhréitigh anois go bhféadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a sholáthar i dtráthchodanna.

Is léir ón téacs go raibh próiseas críochnúil machnaimh agus comhairliúcháin ann leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún. Tá an cur chuige atá ann solúbtha agus cothrom agus cuirtear na srianta ama san áireamh ann. Chun breisluach an Leasaithe seo ar Rialachán CED a uasmhéadú, ba ghá tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an bParlaimint agus í a dhéanamh go tráthúil.

IV. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad.

2025/0073 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, bunaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013. Bunaíodh CED chun é a chur ar a chumas don Aontas dlúthpháirtíocht a léiriú i leith oibrithe a chaill a bpost mar gheall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda de bharr an domhandaithe.
- (2) Leathnaíodh raon feidhme CED in 2009 mar chuid den Phlean Eorpach don Téarnamh Eacnamaíoch chun tacaíocht d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht mar thoradh díreach ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta a chur san áireamh.
- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, bunaíodh CED ar feadh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Ina theannta sin, leathnaíodh raon feidhme CED chun aon iomarcaíocht a d'eascair as aon ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch nua a chumhdach. Thairis sin, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 chun rialacha a thabhairt isteach lena gceadaítear do CED, ar bhonn eisceachtúil, comhiarratais a bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide páirteach iontu a chumhdach, ar fiontair iad atá lonnaithe in aon réigiún amháin agus atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla eacnamaíocha arna sainiú ar leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2⁵, i gcás ina léiríonn an Ballstát iarrthach gurb iad fiontair bheaga agus mheánmhéide an príomhchineál nó an t-aon chineál gnólachta sa réigiún sin.

³ Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ([IO L 406, 30.12.2006, lch. 1](#)).

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ([IO L 347, 20.12.2013, lch. 855](#)).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) ([IO L 393, 30.12.2006, lch. 1](#)).

- (4) Le Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaíodh CED ar feadh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. Chun CED a dhéanamh níos freagrúla do na dúshláin eacnamaíocha atá ag athrú go tapa i ngeilleagar domhandaithe, leathnaíodh raon feidhme CED arís chun teagmhas athstruchtúrúcháin mhórsála de chineál ar bith a chumhdach, gan beann ar an gcúis a bhí leis. Le tairseach níos ísle, léirítear ar bhealach níos fearr an saol mar atá i réigiúin ina bhfuil daonra níos lú. I bhfianaise an aistriú ghlais agus an aistriú dhigitigh, measadh go raibh bearta lena n-ullmhaítear tairbhíthe don dá aistriú ina ngnéithe sainordaitheacha de gach pacáiste comhordaithe de bhearta pearsantaithe a thairgítear do thairbhíthe. Thairis sin, rinneadh na rátaí cómhaoinithe a ailíniú leis an ráta cómhaoinithe is airde de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ sa Bhallstát lena mbaineann. Ina theannta sin, tugadh isteach suirbhé sainordaitheach ar na tairbhíthe.
- (5) Is é CSE+ príomhionstraim an Aontais chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe sin a ndearnadh difear dóibh, ar ionstraim í a ceapadh chun cúnamh a thabhairt ar bhealach réamhghníomhach. Ceapadh CED freisin chun cúnamh a thabhairt mar fhreagairt ar mhórtheagmhais athstruchtúrúcháin. Mar sin féin, ní léirítear i gceart leis an leagan amach sin go dtarlaíonn teagmhais athstruchtúrúcháin mhórsála thar thréimhse fhada de ghnáth. Is féidir leis na Ballstáit CSE+ a úsáid chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, ach ní sholáthraítear tacaíocht le CSE+ chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú i gcásanna éigeandála, cuir i gcás na cásanna sin ina ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear d'oibrithe. Is minic a bhíonn deacrachtaí eacnamaíocha ag na fiontair ina bhfuil na hoibrithe lena mbaineann fostaithe agus, dá bhrí sin, ní bhíonn siad in ann an cúnamh sin a thairiscint ina n-aonar.

⁶ Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1057/oj>).

- (6) Tá tábhacht ar leith fós ag baint le ról CED mar ionstraim sholúbtha a thacaíonn le hoibrithe a chailleann a bpost de bharr teagmhais athstruchtúrúcháin mhórsála agus a chuidíonn leo post eile a fháil a luaithe is féidir. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht shonrach aonuaire d'oibrithe iomarcacha chun ath-imeascadh i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a éascú i limistéir, in earnálacha, i gcriócha nó i margáí saothair atá buailte ag mórshuaitheadh eacnamaíoch. Ní mór don Aontas a rathúnas agus a iomaíochas inbhuanaithe a áirithiú agus, san am céanna, a gheilleagar sóisialta margaidh uathúil a chaomhnú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme go rathúil, agus a dhaonlathas, a shlándáil eacnamaíoch agus a sheasamh geopholaitiúil a chosaint. Chun todhchaí an Aontais mar mhórchumhacht eacnamaíoch a chosaint, agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, tá sé ríthábhachtach tacú le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúru á dhéanamh orthu ionas gur féidir leo na scileanna a fháil a chabhródh leo aistriú chuig ról éagsúil nó post a athrú.
- (7) Dá bhrí sin, is gá Rialachán (AE) 2021/691 a leasú ionas gur féidir le CED cúnamh a thabhairt freisin d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúru á dhéanamh orthu. Ós rud é go bhfuil na hoibrithe sin fós i bhfostaíocht ghníomhach, féadfaidh a bhfostóir cúnamh a iarraidh trí údarais ábhartha na mBallstát. Ós rud é go bhfuil CED faoi bhainistíocht chomhroinnte, is iad údarais na mBallstát is féidir comhchistiú CED a iarraidh, ar iarraidh a fháil ó fhiontar, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an fiontar an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar. I gcás ina ndeonófaí an ranníocaíocht airgeadais ó CED, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na cistí a iarradh a chur ar fáil don fhiontar. Go háirithe, ba cheart don fhiontar an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil don Bhallstát chun foirm iarratais chuimsitheach, iomlán a sholáthar (lena n-áirítear go háirithe líon na n-iomarcaíochtaí réamh-mheasta, na cúrsaí oiliúna atá beartaithe), na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá le haghaidh rialú airgeadais ar an gcéad agus ar an dara leibhéal, agus an fhaisnéis uile is gá chun an tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais ábhartha, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh chur chun feidhme an chúnaimh. Ullmhóidh an Coimisiún suirbhé ar na tairbhí agus ba cheart don fhiontar rochtain ar an suirbhé a roinnt leis na hoibrithe a ghlac páirt sa chlár.

- (8) Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit rioscaí airgeadais agus dliteanais airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme an phacáiste spriocdhírithé a mhaolú, d'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha airgeadais agus riaracháin a dhéanamh atá éifeachtach agus comhréireach, sula gcuirfidh siad an t-iarratas faoi bhráid an Choimisiúin.
- (8a) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach lena gcuirtear san áireamh na costais riaracháin arna dtabhú agus an t-iarratas á ullmhú ag na fiontair agus ag na húdaráis náisiúnta agus ar bhealach atá comhréireach leis na rioscaí airgeadais a mheastar a bhaineann leis an iarratas.
- (9) Ba cheart na cineálacha tacaíochta atá ar fáil faoi bhearta náisiúnta cheana a chur san áireamh sa tacaíocht a thugtar d'oibrithé a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúró á dhéanamh orthu. Níor cheart socruithe maidir le hobair ghearr-ama a bheith incháilithe do thacaíocht CED toisc nach mbaineann siad le hiomarcaíocht, ach toisc go mbaineann siad le poist a chur ar fionraí go sealadach. Má cheadaítear é leis na bearta náisiúnta, féadfaidh an fiontar iarrthach seachadadh an phacáiste chomhordaithe de bhearta pearsantaithe, nó codanna de, a ligean ar fochonradh.
- (10) An ráta cómhaoinithe maidir leis na bearta sin atá dírithe ar oibrithé a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúró á dhéanamh orthu, ba cheart an ráta sin a bheith cothrom leis an ráta cómhaoinithe maidir le cúnaimh CED d'oibrithé iomarcacha. Na fiontair a iarrann tacaíocht CED, ba cheart dóibh an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar.
- (11) Ba cheart an ráta cómhaoinithe a bheith cothrom le 100% maidir le caiteachas arna thabhú ag an mBallstát i ndáil le hiarratais ar thacaíocht CED agus lena bpróiseáil, lena n-áirítear costais riaracháin agus foirne atá nasctha le seiceálacha *ex ante*, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistithe, faisnéise agus poiblíochta, agus gníomhaíochtaí rialaithe agus tuairiscithe.

- (12) Ós rud é go bhfuil na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh fós i bhfostaíocht ghníomhach, níor cheart ach na bearta gníomhacha beartais sin a bheith incháilithe maidir leis an margadh saothair lena gcuidítear le hoibrithe athsciliú nó uas-sciliú, nó lena soláthraítear treoir nó meantóireacht, lena n-áirítear bearta atá dírithe ar oibrithe a d'fhéadfadh a bheartú tús a chur lena ngnó féin lá éigin. Dá bhrí sin, níor cheart liúntais ná deontais do ghnólachtaí nuathionscanta a bheith incháilithe.
- (13) Oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh agus a fhaigheann cúnamh CED, ba cheart iad a bheith incháilithe i gcónaí, mar chuid den ghrúpa a ndéanann 'iomarcaíocht atá ar tí tarlú' difear dóibh, fiú má thagann deireadh lena gcuidreamh oibre. Ba cheart iad a bheith incháilithe fós freisin d'iarratais nua a d'fhéadfadh na Ballstáit faoi seach a dhéanamh chun tacú le hoibrithe iomarcacha ón bhfiontar céanna.
- (14) I bhfianaise chúraimí méadaitheacha an Choimisiúin maidir le Rialachán (AE) 2021/691 a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cúnamh teicniúil a iarraidh suas le 1,5 % d'uasmhéid bliantúil iomlán CED. Tá údar leis an ráta níos airde freisin ós rud é gur íslíodh uasmhéid bliantúil CED i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántearma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.
- (15) [scriosta]
- (16) [scriosta]
- (17) [scriosta]
- (18) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 mar a leanas:

(1) **In Airteagal 1**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 2**:

‘2. I gcomhréir le hAirteagal 4, le CED, cuirfear tacaíocht ar fáil d’oibríthe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht le linn mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus d’oibríthe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúru á dhéanamh orthu.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad **Airteagal 2**:

‘Airteagal 2

Misean agus cuspóirí

‘1. Le CED, tacófar le claochluithe socheacnamaíocha a eascraíonn as an domhandú agus as athruithe teicneolaíocha agus comhshaoil trí chuidiú le hoibríthe iomarcacha agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht oiriúnú d’athruithe struchtúrtha. Ciste éigeandála a oibríonn go frithghníomhach a bheidh in CED. Dá réir sin, le CED, rannchuideofar le cur chun feidhme na bprionsabal a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus cuirfear feabhas ar an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch i measc réigiún agus Ballstát.

2. Is iad cuspóirí CED dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe san Aontas a chur chun cinn trí chúnamh a thairiscint i gcás ina dtarlóidh mórtheagmhais athstruchtúrúcháin, go háirithe de dheasca dúshláin a bhaineann leis an domhandú, cuir i gcás athruithe i bpatrúin na trádála domhanda, díospóidí trádála, athruithe suntasacha ar chaidreamh trádála an Aontais nó ar chomhdhéanamh an mhargaidh inmheánaigh agus géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíocha, mar aon leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, nó de dheasca an digitithe nó an uathoibrithe. Le CED, tabharfar tacaíocht do na tairbhíthe fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a fháil arís a luaithe is féidir. Cuirfear béim ar leith ar na bearta a chuidíonn leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Le CED, tacófar freisin le hoibríthe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh na scileanna is gá a fháil chun cuidiú leo aistriú chuig ról eile, nó chun poist a athrú san fhiontar ina bhfuil siad nó chuig fiontar eile.’;

(3) Leasaítear **Airteagal 3** mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(1a) ciallaíonn ‘oibrí a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dó’ oibrí, gan beann ar chineál nó fad a chaidrimh fostaíochta, a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh deireadh lena chonradh fostaíochta nó lena chaidreamh fostaíochta mar gheall ar iomarcaíocht de réir na teachtaireachta i scríbhinn ón bhfostóir chuig ionadaithe na n-oibríthe ina gcuirtear in iúl dóibh, le linn na gcomhairliúchán leo, *inter alia*, líon agus catagóirí na n-oibríthe atá le cur ar iomarcaíocht i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Threoir 98/59/CE;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(6) ‘ciallaíonn ‘fiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air’ fiontar atá ag dul faoi phróiseas lena mbaineann iomarcaíochtaí comhchoiteanna dá dtagraítear i dTreoir 98/59/CE.’;

(4) Leasaítear **Airteagal 4** mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 1**:

‘1. Féadfaidh Ballstáit cur isteach ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CED le haghaidh bearta atá dírithe ar oibrithe iomarcacha agus ar dhaoine féinfhostaithe i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos san Airteagal seo. Déanfaidh na Ballstáit iarratas ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CED i gcás iarrataí ó fhiontair maidir le bearta atá dírithe ar oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh.’;

(b) i **mír 2**, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(d) iomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta 200 oibrí ar a laghad, ar oibrithe iad a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontar a bhfuil athstruchtúru á dhéanamh air i mBallstát.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 3**:

‘3. I margaí saothair beaga, i gcásanna cuí-réasúnaithe, go háirithe maidir le hiarratais lena mbaineann FBManna, measfar go bhfuil iarratas ar ranníocaíocht airgeadais faoin Airteagal seo inghlactha fiú mura ndéantar na critéir a leagtar síos i mír 2 a chomhlíonadh ina n-iomláine, ar choinníoll go mbíonn mórthionchar ag na hiomarcaíochtaí nó na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta ar an bhfostaíocht agus ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta.

I gcás iarratais faoi Airteagal 8, tabharfaidh an Ballstát bunús cuí leis an iarraidh, agus sonródh sé cé acu de na critéir a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo nach bhfuil á chomhlíonadh ina iomláine.

I gcás iarratais faoi Airteagal 8a, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón bhfiontar, lena n-áirítear léiriú ar na critéir a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo nach bhfuil á gcomhlíonadh ina n-iomláine, cuirfidh an Ballstát an t-iarratas isteach.’

(5) Leasaítear **Airteagal 5** mar a leanas:

(a) sa **chéad mhír**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Sonróidh an Ballstát iarrthach an modh a úsáidtear chun líon na n-oibrithe iomarcacha agus na ndaoine féinfhostaithe a ríomh, a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, chun críoch Airteagal 4 ar cheann amháin nó níos mó de na dátaí seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad **an dara mír**:

‘Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (a), den Airteagal seo, déanfaidh an Ballstát iarrthach faisnéis bhreise a sholáthar don Choimisiún faoi líon iarbhír na n-iomarcaíochtaí a tharla i gcomhréir le hAirteagal 4, sula gcuirfidh an Coimisiún an measúnú i gcrích;

(5a) cuirtear Airteagal 5a nua isteach:

‘Airteagal 5a

Líon na n-oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh a chur in iúl

Chun críoch Airteagal 4, cuirfidh an Ballstát iarrthach in iúl, líon na n-oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, arb iad líon na n-oibrithe a shainaitheann sa teachtaireacht i scríbhinn ón bhfostóir chuig ionadaithe na n-oibrithe, a chuireann an fostóir ar aghaidh chuig an údarás poiblí inniúil i gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal 2(3) de Threoir 98/59/CE.’

(6) Leasaítear **Airteagal 6** mar a leanas:

(a) i **mír 1**, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(c) oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air. Leanfaidh na hoibrithe de bheith incháilithe mar chuid den ghrúpa a ndéanann ‘iomarcaíocht atá ar tí tarlú’ difear dóibh fiú i gcás ina gcuirfear deireadh iarbhir leis an gcaidreamh oibre. Ní bheidh ach na teagmhais athstruchtúrúcháin sin incháilithe mar iomarcaíochtaí comhchoiteanna faoi Threoir 98/59/CE.’;

(b) cuirtear isteach **mír 3**:

Na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad mhír, beidh siad fós incháilithe gan beann ar na bearta tacaíochta arna soláthar ag an mBallstát agus arna maoiniú go heisiach le hacmhainní Stáit, ar choinníoll nach cuid den phacáiste comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 iad na bearta sin.

(7) Leasaítear **Airteagal 7** mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 1**:

‘1. Féadfar ranníocaíocht airgeadais ó CED a dhéanamh le haghaidh bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair atá ina gcuid de phacáiste comhordaithe, atá ceaptha chun ath-imeascadh san fhostaíocht nó san fhéinfhostaíocht a éascú do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, go háirithe na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste ina measc, nó chun cuidiú leis na hoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c) na scileanna a fháil a theastaíonn uathu chun aistriú chuig ról éagsúil lena bhfostóir reatha nó chuig fostóir eile.’;

(b) **i mír 2**, an dara fomhír, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(c) I gcás na dtairbhíthe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), féadfar a áireamh sa phacáiste comhordaithe oiliúint agus athoiliúint atá saincheaptha do riachtanais an oibrí aonair, lena n-áirítear maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus scileanna eile a theastaíonn sa ré dhigiteach, deimhniú ar an eolas agus ar na scileanna a fuarthas, seirbhísí aonair cúnaimh i gcuardach poist agus gníomhaíochtaí grúpa spriocdhíríthe, treoir ghairme, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht, cúnaimh do shocrúchán oibre seachtrach, cur chun cinn na fiontraíochta agus gníomhaíochtaí comhair. Ní áireofar ann socrúithe maidir le hobair ghearr-ama, deontais do ghnólachtaí nuathionscanta ná liúntais.

(8) Leasaítear **Airteagal 8** mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Airteagal 8

Iarratais ar chúnamh CED d’oibríthe iomarcacha agus do dhaoine féinhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 6**:

‘6. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach, cuirfidh an Coimisiún i gcrích a mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh ag an iarratas laistigh de 50 lá oibre ón iarratas comhlánaithe a fháil nó, i gcás inarb infheidhme, ón aistriúchán ar an iarratas sin a fháil.

I gcás nach mbeidh an Coimisiún in ann an sprioc-am sin a chomhlíonadh, cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas roimh an sprioc-am sin agus socróidh sé dáta nua chun a mheasúnú a thabhairt i gcrích. Ní bheidh an dáta nua sin tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis an sprioc-ama faoin gcéad fhomhír.’;

(c) [scriosta]

(9) Cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8 a

Iarratais ar chúnamh CED d’oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh

1. Fiontair a bhfuil athstruchtúráil á dhéanamh orthu, féadfaidh siad iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann iarratas a chur isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, má chomhlíontar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (d), agus más mian leis an bhfiontar cúnaimh atá cómhaoinithe ag CED a thairiscint do na codanna sin dá lucht saothair a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 6, an chéad mhír, pointe (c) le haghaidh thréimhse iomlán an chur chun feidhme. Féadfaidh an fiontar iarraidh den sórt sin a chur isteach ón dáta a chuir sé an teachtaireacht i scríbhinn chuig na hionadaithe oibrithe ina bhfuil, *inter alia*, líon agus catagóirí na n-oibrithe atá le cur ar iomarcaíocht i gcomhréir leis an dara fómhír d’Airteagal 2(3) de Threoir 98/59/CE ar aghaidh chuig an údarás poiblí inniúil.

2. Soláthróidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha, seicliostaí agus teimpléid. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na teimpléid arna soláthar ag an gCoimisiún a dhéanamh éigeantach chun iarrataí a chur isteach. Foilseoidh na Ballstáit treoirlínte agus teimpléid ábhartha chun tacú leis na fiontair a n-iarrataí a ullmhú. San fhaisnéis atá le soláthar ag an bhfiontar trí na teimpléid áireofar an fhaisnéis ar fad is gá le haghaidh iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED mar a leagtar amach sa mhír thíos.

2(a). Cuirfidh na Ballstáit na hiarratais isteach agus iad bunaithe ar na hiarrataí a luaitear i mír (1). Gan dochar do mheasúnú neamhspleách an Choimisiúin ar an iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED i mír 9 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát seiceálacha *ex ante* a dhéanamh chun an méid seo a leanas a fhíorú:

- (a) cumas airgeadais agus riaracháin an fhiontair is iarratasóir an ranníocaíocht ó CED leis na hoibrithe lena mbaineann a chur chun feidhme,
- (b) an fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 10, pointí (d), (f) agus (j) den Airteagal seo, agus
- (c) cibé acu a mheastar nó nach meastar go ndéanfar an pacáiste spriocdhíritha a chur i gcrích i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Féadfar a áireamh ar na seiceálacha agus ar na fíoruithe sin measúnú ar rioscaí airgeadais don Bhallstát, gan a bheith teoranta dóibh siúd, lena n-áirítear gníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith calaoiseach, an riosca a bhaineann le cistiú dúbailte srl. I gcás ina ndéanann na Ballstáit seiceálacha agus fíoruithe *ex ante*, cuirfidh siad torthaí na seiceálacha agus na bhfíoruithe sin in iúl, chomh maith lena measúnú ar an iarraidh arna cur isteach ag an bhfiontar agus an t-iarratas á chur faoi bhráid an Choimisiúin acu. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin san áireamh sa mheasúnú a dhéanfaidh sé ar an iarratas. **Má tá measúnú an Choimisiúin éagsúil le torthaí na seiceálacha agus na bhfíoruithe arna ndéanamh ag an mBallstát, cuirfidh sé mínithe ina leith sin san achoimre ar an bhfaisnéis ar a bhfuil a mheasúnú bunaithe, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 15(3).**

3. Caithfidh na Ballstáit go cothrom le gach iarraidh agus san ord a gheobhaidh siad iad, gan aon discríd a fheidhmiú maidir le hinghlacthacht agus incháilitheacht na n-iarrataí sin, agus cuirfidh siad iarratais isteach ar chúnamh bunaithe ar na hiarrataí a gheofar ó fhiontair. Ní thabharfaidh na Ballstáit aon cheanglas breise isteach ná ní athróidh siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

4. Cuirfidh an Ballstát iarrthach iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá oibre ón dáta a fhaigheann sé iarraidh iomlán ó fhiontar.

5. Arna iarraidh sin don fhiontar, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann treoir don fhiontar le linn an nós imeachta um iarratas.
 6. Arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach, soláthróidh an Coimisiún treoir don Bhallstát le linn an nós imeachta um iarratas.
 7. Laistigh de 10 lá oibre ón dáta a tíolacadh an t-iarratas, nó, i gcás inarb infheidhme, laistigh de 10 lá oibre ón dáta a bheidh aistriúchán ar an iarratas i seilbh an Choimisiúin, cibé acu is déanaí, tabharfaidh an Coimisiún admháil fála i leith an iarratais agus iarrfaidh sé ar an mBallstát iarrthach aon fhaisnéis bhreise a thabhairt atá ag teastáil uaidh chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas. Má bhaineann an fhaisnéis bhreise a iarrtar le faisnéis is féidir leis an bhfiontar a sholáthar, ní mór don fhiontar an fhaisnéis sin a ullmhú don Bhallstát.
 8. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise, tabharfaidh an Ballstát freagra air sin laistigh de 15 lá oibre ó dháta na hiarrata. Déanfaidh an Coimisiún an sprioc-am sin a fhadú 10 lá oibre ar iarraidh a fháil ón mBallstát iarrthach. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le haon iarraidh den sórt sin ar fhadú.
 9. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar san iarratas, cuirfidh an Coimisiún i gcrích a mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh ag an iarratas laistigh de 50 lá oibre ón iarratas comhlánaithe a fháil nó, i gcás inarb infheidhme, ón aistriúchán ar an iarratas sin a fháil. Déanfaidh an Coimisiún seiceálacha ar an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír 10.
- I gcás nach mbeidh an Coimisiún in ann an sprioc-am sin a chomhlíonadh, cuirfidh sé an Ballstát iarrthach ar an eolas roimh dhul in éag an sprioc-ama sin, agus socróidh sé dáta nua chun a mheasúnú a thabhairt i gcrích. Ní bheidh an dáta nua sin tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis an sprioc-ama faoin gcéad fhomhír.

10. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas:

(a) sainaitheint an fhiontair lena mbaineann;

(b) measúnú ar an líon post a ndéanann an iomarcaíocht difear dóibh i gcomhréir le hAirteagal 6, an chéad mhír, pointe (c);

(c) tuairisc achomair ar na teagmhais ba chúis leis an athstruchtúrú;

(d) deimhniú gur chomhlíon an fiontar a oibleagáidí dlíthiúla nó a chomhaontuithe comhchoiteanna lena rialaítear na hiomarcaíochtaí réamh-mheasta sin agus go leanann sé dá gcomhlíonadh agus go bhfuil sé ag soláthar dá oibrithe dá réir sin, agus tuairisc ar na nósanna imeachta a lean an fiontar chun dul i gcomhairle leis na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe;

(e) miondealú measta ar chomhdhéanamh na dtairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais, a úsáideadh do cheapadh an phacáiste chomhordaithe;

(f) tuairisc mhionsonraithe ar an bpacáiste chomhordaithe agus ar an gcaiteachas gaolmhar, lena n-áirítear aon bheart mar thaca le tionscnaimh fostaíochta do thairbhíthe faoi mhíbhuntáiste, tairbhíthe óga agus tairbhíthe scothaosta;

(g) an buiséad measta do gach ceann de chomhpháirteanna an phacáiste chomhordaithe a bheidh ina dtaca ag na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus a chuirfidh an fiontar ar fáil;

- (h) na dátaí ar cuireadh tús le soláthar an phacáiste comhordaithe do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus leis na gníomhaíochtaí chun CED a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 7, nó na dátaí ar a bhfuiltear le tús a chur leo;
- (i) an buiséad measta d'aon gníomhaíocht ullmhúcháin, lena n-áirítear seiceálacha *ex ante*, chomh maith le gníomhaíochtaí bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe a dhéanfaidh an Ballstát iarrthach i ndáil le hiarratas den sórt sin;
- (j) ráiteas ina leagtar amach an fáth nach dtagann an pacáiste comhordaithe in ionad bearta a bhfuil fostóirí freagrach astu de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna;
- (k) an deimhniú ón bhfiontar lena mbaineann go ndéanfaidh sé na bearta a chómhaoiniú agus gurb é sin an t-aon fhoinsé amháin don chomhchistiú náisiúnta.
- (l) deimhniú ón mBallstát nár chuir sé aon chistiú ar fáil don phacáiste beart atá san iarratas.

Soláthróidh an fiontar faisnéis faoi phointí (a) go (h) agus (j) go (k) don Bhallstát.

(10) **in Airteagal 11**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 1**:

‘1. Ar thionscnamh an Choimisiúin, féadfar uasmhéid 1,5 % d’uasmhéid bliantúil CED a úsáid le haghaidh caiteachas teicniúil agus riaracháin chun é a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, mar aon le bailiú sonraí, lena n-áirítear maidir le córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin a chuireann le hinfheictheacht CED ina cháil mar chiste nó maidir le tionscadail shonracha agus bearta cúnaimh theicniúil eile. Le bearta den sórt sin, féadfar clárthréimhsí amach anseo nó roimhe seo a chumhdach.’;

(11) Leasaítear **Airteagal 13** mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 1**:

‘1. Ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 nó le hAirteagal 8a, agus aird á tabhairt go háirithe ar an líon tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, ar na bearta a bheartaítear agus ar na costais mheasta, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus moladh maidir le méid na ranníocaíochta airgeadais ó CED, más ann di, a fhéadfar a íoc laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Is é 100 % a bheidh sa ráta cómhaoinithe maidir le caiteachas arna thabhu ag an mBallstát le haghaidh na dtairbhíthe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c) agus a bhaineann le bearta a leagtar amach in Airteagal 7(5).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhír 3**:

‘3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 nó Airteagal 8a, go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh, cuirfidh sé tús láithreach leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15. Faoi Airteagal 8a, ní rachaidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le haghaidh frontar ar leith thar EUR 4 000 000 in aghaidh an Bhallstáit le haghaidh aon bhliain airgeadais.’;

(12) **In Airteagal 14**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad **mhíreanna (1) agus (2)**:

‘1. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ó na dátaí a leagtar amach san iarratas i gcomhréir le hAirteagal 8(7), pointe (j), nó le hAirteagal 8a(10), pointe (h), ar a dtosaíonn an Ballstát nó an fiontar lena mbaineann, nó ar a bhfuil sé le tosú, ag soláthar an phacáiste chomhordaithe do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, nó ar a dtabhaíonn an Ballstát lena mbaineann an caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus 7(5).

2. Tosóidh an Ballstát nó an fiontar na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 a chur chun feidhme gan moill mhíchúí agus déanfaidh sé na bearta sin a luaithe is féidir, agus ar aon chuma laistigh de 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maidir le ranníocaíocht airgeadais.’;

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad **Airteagal 15, mír 3**:

‘3. Áireofar na nithe seo a leanas i dtogra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh de bhun mhír 1:

(a) an measúnú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8(6) agus **Airteagal 8a(9)**, mar aon le hachóimre ar an bhfaisnéis ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe; agus

(b) na cúiseanna lena dtugtar údar do na méideanna a mholtar i gcomhréir le hAirteagal 13(1).’;

- (14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad **Airteagal 16**:

‘Airteagal 16

Cistí neamhleora

De mhaolú ar na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagail 8, 8a agus 15, i gcásanna eisceachtúla agus ar choinníoll nach leor na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais atá fágtha in CED chun an méid cúnaimh a bhfuil gá leis de réir an togra ón gCoimisiún a chumhdach, féadfaidh an Coimisiún an togra maidir le CED a shlógadh agus as an iarraidh ar aistriú buiséadach ina dhiaidh sin a chur siar go dtí go mbeidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais ar fáil an bhliain dár gcionn. Urramófar uasteorainn bhuiséadach bhliantúil CED i ngach uile chás.’;

- (15) In **Airteagal 17**, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Tar éis dó an íocaíocht réamh-mhaoinithe ón gCoimisiún a fháil, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an chuid sin den íocaíocht réamh-mhaoinithe a bhaineann leis an bpacáiste comhordaithe beart arna chur chun feidhme ag an bhfiontar ar fáil don fhiontar lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a chur ar fáil ina tráthchodanna. Leagfar amach na módúlachtaí íocaíochta sa ghníomh lena rialaítear an ranníocaíocht airgeadais ón mBallstát leis an bhfiontar. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, na cistí a dhíriú ar an bhfiontar tríd an údarás réigiúnach ábhartha nó údarás poiblí eile, ar choinníoll nach gcuirfidh sé sin moill ar an íocaíocht. Coinneoidh an Ballstát nó cuirfidh sé ar aghaidh chuig údarás réigiúnach nó údarás poiblí eile an chuid den réamh-mhaoiniú a bhaineann le bearta dá dtagraítear in Airteagal 7(5).’

(16) In **Airteagal 20**, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. I gcásanna ina bhfuil ranníocaíocht airgeadais ó CED á cur chun feidhme ag fiontar d’oibríthe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, cuirfidh an fiontar tuarascáil dheiridh ar fáil don Bhallstát lena mbaineann faoi chur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais, lena n-áireofar an fhaisnéis ábhartha uile a shonraítear i mír 1, faoi dheireadh an séú mí tar éis dhul in éag na tréimhse cur chun feidhme.’;

(17) In **Airteagal 22**, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Seolfaidh an Coimisiún suirbhé ar na tairbhíthe le linn an séú mí tar éis dheireadh gach tréimhse cur chun feidhme. Beidh an suirbhé ar na tairbhíthe ar oscailt le haghaidh rannpháirtíochta ar feadh 4 seachtaine ar a laghad. Déanfaidh na Ballstáit an suirbhé ar na tairbhíthe a dháileadh ar na tairbhíthe, seolfaidh siad amach meabhrúchán amháin ar a laghad agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin dáileadh agus faoin meabhrúchán a seoladh. I gcásanna a bhaineann le cúnamh arna chur chun feidhme ag fiontar le haghaidh tairbhíthe faoi Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), tá an fiontar sin freagrach as an suirbhé arna ullmhú ag an gCoimisiún a dháileadh ar na hoibríthe a ghlac páirt sna bearta. Déanfaidh an Coimisiún na freagairtí ar na suirbhéanna ar na tairbhíthe a thiomsú agus a anailísiú ar mhaithe lena n-úsáid i meastóireachtaí amach anseo.’

(18) [Scriostar an tAirteagal 28a a moladh a chur isteach]

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in
Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach
i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

